

TIONSCADAL CÓNAITHE

(Gradam Óir amháin)

Ceanglaíonn an Tionscadal Cónaithe ar dhaoine atá ag obair don Ghradam Óir tréimhse chónaithe 5 lá, 4 oíche a chaitheamh i dtimpeallacht nach bhfuil aithne acu uirthi in éineacht le daoine nach bhfuil aithne mhaith acu orthu, ag obair i dtreo sprioc i bpáirt.

Ba chóir go ndéanfaí an Tionscadal Cónaithe thar laethanta agus oícheanta as a chéile. I gcásanna eisceachtúla, féadfar an tionscadal cónaithe a chríochnú in imeacht dhá dheireadh seachtaine, bunaithe ar an ngníomhaíocht chéanna, sa bhliain fhéilire chéanna. Caithfear cead roimh ré a fháil ó Gaisce.

Seo roinnt smaointe don Tionscadal Cónaithe, ach tig leat do chuid smaointe féin a úsáid:

Obair dheonach:

- Campaí leanaí
- Campa cónaithe do dhaoine óga
- Barretstown
- Obair dheonach idirnáisiúnta i mBaile
- Bhairéad Obair dheonach chónaithe m.sh. Teach cúraim
- Campaí spóirt cónaithe

Oideachais:

- Áit chónaithe teangacha m.sh. Gaeilge nó Spáinnis
- Cúrsa oiliúna cónaithe
- Tionscadal/Malartú Erasmus +
- Cúrsa ióga
- Cúrsa spioradálta
- Comhdháil

Pobal:

- Turais phobail m.sh. Lourdes
- Tionscadail síochána agus athmhuintearais
- Faoiseamh

Tábhachtach:

Meabhraigh do na rannpháirtithe go gcaithfidh siad teastas nó litir a sholáthar dá bpunann Óir a chruthaíonn go raibh siad i láthair.